C/2026/5439

20.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12405 — UNICREDIT / COMMERZBANK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5439)

1. An 9 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— UniCredit S.p.A. ('UniCredit', an Iodáil),

— Commerzbank AG ('Commerzbank', an Ghearmáin).

Gheobhaidh UniCredit rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Commerzbank ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 16 Márta 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn UniCredit seirbhísí miondíola, tráchtála, baincéireachta príobháidí, baincéireachta infheistíochta, bainistíochta sócmhainní agus árachais san Iodáil, sa Ghearmáin agus ar fud an domhain,

— Soláthraíonn Commerzbank baincéireacht phríobháideach, baincéireacht tráchtála, baincéireacht infheistíochta, trádáil i malairt eachtrach, trádáil urrús agus bainistíocht sócmhainní, lena n-áirítear seirbhísí baincéireachta infheistíochta do chliaint chorparáideacha agus institiúideacha sa Ghearmáin agus ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12405 — UNICREDIT / COMMERZBANK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').